gretb
Bord Oideachais agus Oiliúna
na Gaillimhe agus Ros Comáin
Galway and Roscommon
Education and Training Board

Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin

Tuarascáil Bhliantúil 2021

Funded by:
An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills
Ireland's European Structural and Investment Funds Programmes 2014-2020
Co-funded by the Irish Government and the European Union
EUROPEAN UNION
Investing in your Future
European Social Fund
SOLAS

Clár na nÁbhar

Teachtaireacht ó Chathaoirleach agus Príomhfheidhmeannach Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin 3

Bord Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin 4

Freastal Comhaltaí Boird 5

Coiste Iniúchta agus Riosca 6

Coiste Airgeadais 6

Rialachas 8

Struchtúr Rialachais 8

Feidhmeanna an Bhoird 8

Cód Cleachtais do Rialachas ETBanna 9

Ról an Bhoird maidir le Ráitis Airgeadais 9

Bainistíocht Riosca 9

Dualgas Seirbhíse Poiblí 10

Nochtuithe Cosanta 10

Figiúirí Rollaithe Scoileanna agus Ionaid Breisoideachais agus Oiliúna GRETB 11

Fís, Misean, Bunluachanna & Cuspóirí Straitéiseacha 16

Ráiteas Straitéise 2021 18

Ráitis Airgeadais 2021 29

Teachtaireacht ó Chathaoirleach agus Príomhfheidhmeannach Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin

Tá áthas ar Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin (GRETB) Tuarascáil Bhliantúil GRETB 2021 a chur i láthair. Mar a bhí amhlaidh in 2020, bhí tionchar as cuimse ag an bpaindéim dhomhanda COVID 19 orainn ar fad. D'imir bearta a thóg an Rialtas le srian a choinneáil ar an bpaindéim tionchar mór an athuair ar an gcaoi a d'oibrigh GRETB le linn 2021. In ainneoin tionchar Covid-19, lean GRETB lena ról ríthábhachtach in oideachas agus oiliúint. Tá buíochas mór ag dul dár bhfoireann agus mic léinn as an gcaoi ar fhreagair siad go dearfach do na dúshláin a chruthaigh an phaindéim seo.

Tugann an tuarascáil seo deis dom buíochas a ghabháil le gach comhalta Boird as a gcomhoibriú gníomhach i gcur chun cinn misean GRETB ar go leor bealaí – freastal ar Bhoird Agallaimh, rannpháirtíocht i mBoird Bhainistíochta, i gCoistí Comhairliúcháin, freastal ar Chruinnithe Réigiúnda agus Náisiúnta. Ba mhaith liom m'ómós foirmiúil a chur in iúl do Phríomhoidí, do Phríomhoidí Tánaisteacha agus do Chomhordaitheoirí as an gceannaireacht fhorásach a thugann siad ina gcuid scoileanna agus ionad; na múinteoirí, as caighdeán a gcuid oibre laisitigh agus lasmuigh den seomra ranga; an fhoireann Breisoideachais agus Oiliúna as a dtiomantas do na caighdeáin is airde ag am nuair atá go leor athruithe ag tarlú san earnáil sin; an fhoireann neamh-theagaisc as a ndúthracht, a dtiomantas agus a ndílseacht; na tuismitheoirí, as a dtacaíocht gan teip; na Boird Bhainistíochta agus na Fochoistí éagsúla a thugann chomh flaithiúil sin dá n-am i gcur chun cinn obair GRETB.

Is mian liom oifigigh na Roinne Oideachais; na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta; SOLAS; na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige; na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán; Oifig Náisiúnta Music Generation; Léargas, agus ár maoinitheoirí eile ar fad a aithint as a dtacaíocht agus comhoibriú le leathnú obair GRETB.

Ar deireadh, aithnímid am scoir na mball foirne fadseirbhíse GRETB; sláinte agus sonas dóibh sa chéad chuid eile dá saol agus mo bhuíochas leo ar fad as an tseirbhís a thug siad do na foghlaimeoirí atá faoinár gcúram.

Go raibh míle maith agaibh go léir.

An Comhairleoir Michael Maher — *An tUasal Daibhéid Ó Laocha*

Cathaoirleach — *Príomhfheidhmeannach*

Bord Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin

PRÍOMHFHEIDHMEANNACH – AN tUASAL DAIBHÉID Ó LAOCHDHA

COMHALTA BOIRD	Foras Ainmniúcháin
Bernadette Costello, Uasal	Forais arna sainiú ag an Aire
Nora Fahy, Uasal	Forais arna sainiú ag an Aire
An Dr Michael Hannon	Forais arna sainiú ag an Aire
Mary Mullarkey, Uasal	Forais arna sainiú ag an Aire
An tUasal Tomás Ó Nídh	Forais arna sainiú ag an Aire
An Comhairleoir Michael Crowe	Ainmní Chomhairle Cathrach na Gaillimhe
An Comhairleoir Noel Larkin	Ainmní Chomhairle Cathrach na Gaillimhe
An Comhairleoir Terry O'Flaherty	Ainmní Chomhairle Cathrach na Gaillimhe
An Comhairleoir Colm Keaveney	Ainmní Chomhairle Contae na Gaillimhe
An Comhairleoir Michael Maher (Cathaoirleach)	Ainmní Chomhairle Contae na Gaillimhe
An Comhairleoir Peter Roche	Ainmní Chomhairle Contae na Gaillimhe
An Comhairleoir Thomas Welby	Ainmní Chomhairle Contae na Gaillimhe
An Comhairleoir Cllr Geraldine Donohue (D'éirigh as in 2021)	Ainmní Chomhairle Contae na Gaillimhe
An Comhairleoir Shane Curley	Ainmní Chomhairle Contae na Gaillimhe
An Comhairleoir Gabe Cronnelly	Ainmní Chomhairle Contae na Gaillimhe
An Comhairleoir Laurence Fallon	Ainmní Chomhairle Contae Ros Comáin
An Comhairleoir Kathleen Shanagher (Leaschathaoirleach)	Ainmní Chomhairle Contae Ros Comáin
An Comhairleoir John Cummins	Ainmní Chomhairle Contae Ros Comáin
An tUasal Daniel Cronin	Ionadaí Foirne
Jean Beswick, Uasal	Ionadaí Foirne
An tUasal Sean Harnett	Ionadaí Tuismitheoirí
Ann Cassidy, Uasal (D'éirigh as in 2021)	Ionadaí Tuismitheoirí

Dátaí Cruinnithe Boird GRETB 2021

23 Feabhra	30 Márta	11 Bealtaine	8 Meitheamh	14 Meán Fómhair	9 Samhain	14 Nollaig

Freastal Comhaltaí Boird

Freastal Comhaltaí Boird - Eanáir go Nollaig 2021

Clár Tinrimh agus Minicíocht Chruinnithe an Bhoird 2021								
Ainm an Chomhalta Boird	**23.02**	**30.03**	**11.05**	**10.06**	**14.09**	**09.11**	**14.12**	**Líon Cruinnithe**
An Comhairleoir Noel Larkin	√	√	√	X	√	√	√	6/7
An Comhairleoir Michael Crowe	X	√	X	X	X	X	X	1/7
An Comhairleoir Terry O'Flaherty	X	√	√	√	X	√	√	5/7
An Comhairleoir Kathleen Shanagher	√	√	√	√	√	√	√	7/7
An Comhairleoir Laurence Fallon	√	√	√	√	√	X	√	6/7
An Comhairleoir John Cummins	X	X	X	√	√	√	X	3/7
An Comhairleoir Michael Maher*	√	√	X	√	√	√	√	6/7
An Comhairleoir Colm Keaveney	√	√	√	X	X	X	X	3/7
An Comhairleoir Thomas Welby	√	√	√	√	√	√	√	7/7
An Comhairleoir Shane Curley	√	√	√	√	X	√	√	6/7
An Comhairleoir Peter Roche	√	√	X	√	√	√	√	6/7
An Comhairleoir Geraldine Donohue	D'éirigh as							
An Comhairleoir Gabe Cronnelly	Tháinig in áit an Chomhairleora G Donohue		X	√	X	√	√	3/5
Jean Beswick, Uasal	√	√	X	√	√	√	√	6/7
An tUasal Daniel Cronin	√	√	√	X	√	√	√	6/7
An tUasal Sean Harnett	√	√	√	√	√	√	√	7/7
Ann Cassidy, Uasal	√	√	√	√	D'éirigh as			4/4
Bernadette Costello, Uasal	√	√	√	√	√	√	√	7/7
An tUasal Tomás Ó Nídh	√	√	√	√	√	√	X	6/7
Nora Fahy, Uasal	√	X	√	X	√	X	√	4/7
Mary Mullarkey, Uasal	√	√	√	√	√	√	X	6/7
An Dr Michael Hannon	√	√	X	√	√	√	X	5/7

* Is comhalta d'Fhóram Chomhaltaí Forchoimeádta ETBI é an Clr. Michael Maher.

Bhunaigh an Bord dhá Choiste de réir Alt 45 den Acht 2013 i.e. an Coiste Iniúchta agus Riosca agus an Coiste Airgeadais. Is é cuspóir an dá choiste seo ná cuidiú leis an mBord i dtaca lena bhreithniú ar cheisteanna a bhaineann le hiniúchadh, rialachas, bainistíocht riosca agus airgeadas. Is ar an mBord, áfach, atá an fhreagracht sna gnóthaí seo agus is é an Bord a dhéanann an cinneadh deiridh sna réimsí oibriúcháin seo ar fad. Tháinig an Coiste Iniúchta agus Riosca agus an Coiste Airgeadais le chéile ceithre huaire agus cúig huaire faoi seach in 2021.

Coiste Iniúchta agus Riosca

Clár Freastail agus Minicíocht Cruinnithe an Choiste Iniúchta agus Riosca 2020						
Comhaltaí Coiste 2021		24 Márta	11 Meitheamh	3 Meán Fómhair	26 Samhain	Líon Cruinnithe
Martina Moloney, Uasal	Comhalta Feidhmiúcháin	√	√	√	√	4/4
An tUasal Gerry Finn	Ball Seachtrach	√	√	√	√	4/4
An Bráthair James Mungovan	Ball Seachtrach	√	√	X	X	2/4
Mary Coyne, Uasal	Ball Seachtrach	√	√	√	√	4/4
An Comhairleoir Laurence Fallon	Comhalta Boird	V	√	√	√	4/4
An Comhairleoir Noel Larkin	Comhalta Boird	√	√	X	√	3/4

Coiste Airgeadais

Clár Tinrimh agus Minicíocht Cruinnithe an Choiste Airgeadais 2020						
Comhaltaí an Choiste Airgeadais 2021		10 Feabhra	24 Márta	2 Meitheamh	26 Samhain	Líon Cruinnithe
Mary Mullarkey, Uasal (Cathaoirleach)	Comhalta Boird	√	√	√	√	4/4
An Comhairleoir Michael Maher	Comhalta Boird	√	√	X	√	3/4
An Comhairleoir Michael Crowe	Comhalta Boird	X	X	X	X	0/4
Bernadette Costello, Uasal	Comhalta Boird	√	√	√	√	4/4
An tUasal Ivor Gleeson	Ball Seachtrach	√	√	√	√	4/4
An tUasal Charlie Notely	Ball Seachtrach	X	X	√	√	2/4

Chomh maith leis na coistí Iniúchta agus Riosca, agus Airgeadais, tacaíonn na coistí seo a leanas le hobair an Bhoird: Breisoideachas, Printíseacht agus Oiliúint,

- Breisoideachas, Printíseachtaí agus Oiliúint,
- Ógtheagmháil
- Ionad Oideachais Allamuigh agus Oiliúna Cheapach na gCapall, An Fhairche,
- An Óige agus na hEalaíona,
- Boird Bhainistíochta i scoileanna GRETB.

Rialachas

Struchtúr Rialachais

Is údarás oideachais agus oiliúna áitiúil agus reachtúil é Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin (GRETB). Tá Bord GRETB bunaithe agus comhdhéanta de réir Alt 30 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Tá 21 comhalta ar an mBord, 12 tofa ag na húdaráis áitiúla, beirt (2) bhall foirne, beirt (2) ionadaithe tuismitheoirí agus cúigear (5) comhaltaí ag a bhfuil saineolas oideachais agus oiliúna.

Feidhmeanna an Bhoird

Tá feidhmeanna an Bhoird, ar feidhmeanna forchoimeádta iad, leagtha síos in Alt 12 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 (féach achoimre de na feidhmeanna seo thíos).

- Iarratas chuig an Aire, ar ainm, le gur féidir leis an mBord é féin a chur in aithne chun críche oibriúcháin
- Ceapadh Príomhfheidhmeannaigh
- Cur ar fionraí Príomhfheidhmeannaigh
- Bunú scoláireachta
- Tabhairt tuairime maidir le daoine ar ghá don Phríomhfheidhmeannach dul i gcomhairle leo in ullmhú ráiteas straitéise
- Glacadh le ráiteas straitéise
- Glacadh le tuarascáil bhliantúil
- Glacadh le bronntanais nó a bheith comhdhéanta mar iontaobhaí
- An cinneadh maidir le freastal comhalta ar chomhdháil, ar sheimineár, ar chruinniú, nó imeacht a údarú
- Maidir le coiste ETB (i) bunú nó díscaoileadh an Choiste (ii) cinneadh ar théarmaí tagartha an Choiste agus an rialú maidir le nósanna imeachta an Choiste (iii) ceapadh nó briseadh as oifig comhalta Coiste (lena n-áirítear an cathaoirleach), agus (iv) dearbhú gnímh de chuid an Choiste
- In ndáil le Coiste Airgeadais agus Coiste Iniúchta agus Riosca: (i) bunú na gcoistí sin (ii) ceapadh agus briseadh as oifig comhalta de na coistí sin (lena n-áirítear an cathaoirleach), agus (iii) fáil tuarascála ullmhaithe ag aon cheann de na coistí sin agus an cinneadh maidir le pé beart (más ann) ba cheart a thógáil de dhroim torthaí tuarascála ar bith den chineál sin;
- Glacadh le Plean Seirbhíse bliantúil,
- An chumhacht airgead a fháil ar iasacht,
- Coinneáil cuntais,
- Fáil, coinneáil agus diúscairt talaimh, nó aon leas i dtalamh.

Maidir le gach feidhm eile, a nglaoitear feidhmeanna feidhmiúcháin orthu, tá an Príomhfheidhmeannach freagrach astu.

Cód Cleachtais do Rialachas ETBanna

Ghlac an Bord leis an gCód nua Cleachtais do Rialachas ETBanna 2019 agus táthar á chur i bhfeidhm de réir a chéile ar fud na heagraíochta.

Chomhlíon GRETB a chuid oibleagáidí faoin dlí cánach agus faoin gcód caiteachais phoiblí; tá sé tiomanta do chloí le polasaithe soláthair agus tá Plean Soláthair Chorparáidigh á ullmhú agus á chur i bhfeidhm ag an mBord chomh maith. Gach bliain, cuireann Cathaoirleach an Bhoird ráiteas faoi rún ar fáil don Aire Oideachais.

Ról an Bhoird maidir le Ráitis Airgeadais

Éilítear faoin Alt 51 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 ar ETB gach cuntas cuí agus gnáthach a choinneáil d'airgead a tháinig isteach chuig an ETB nó a chaith an ETB, agus sin a dhéanamh i gcaoi agus i leith tréimhsí cuntasaíochta a bheidh faofa ag an Aire Oideachais agus le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Agus na cuntais sin á n-ullmhú, is gá don Bhord:

(a) na polasaithe cuntasaíochta caighdeánacha d'ullmhú ráitis airgeadais ETB a fheidhmiú,
(b) breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama,
(c) aon imeacht ábhartha ó pholasaithe cuntasaíochta caighdeánacha a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil, ina nochtaítear le cruinneas réasúnach ag am ar bith staid airgeadais an Bhoird, agus a chinntíonn gur féidir leis na Ráitis Airgeadais cloí le hAlt 51 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. D'athbhreithnigh an Bord éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh san eagraíocht mar chuid den phróiseas faofa do na cuntais bhliantúla (le haghaidh tuilleadh eolais, féach Ráitis Airgeadais GRETB 2021, a bheidh ar fáil ar shuíomh gréasáin an Bhoird www.gretb.ie a luaithe a bhíonn siad iniúchta). I dtuairim an Bhoird, tugann Ráitis Airgeadais GRETB 2021 amharc fíor agus cóir de shuíomh airgeadais GRETB mar a bhí ar an 31 Nollaig 2020. De réir an Chóid Rialachais le haghaidh ETBanna, cuireadh Tuairisc an Chathaoirligh le haghaidh 2021 (inar áiríodh an Ráiteas Rialaithe Inmheánaigh) faoi bhráid an Aire.

Bainistíocht Riosca

Tá an Bord, trí Bheartas Bainistíochta Riosca GRETB, tiomanta do chur i bhfeidhm creata atá soiléir, éifeachtach agus éifeachtúil chun riosca a bhainistiú. Dearbhaíonn an Bord gur comhlíonadh measúnú ar na príomhrioscaí in GRETB in 2021. Tá na rioscaí seo agus na bearta maolaitheacha a bhaineann leo doiciméadaithe i gClár Rioscaí Corparáideacha GRETB. Athbhreithníonn Coiste Iniúchta agus Riosca GRETB bainistíocht rioscaí agus na bearta maolaitheacha.

Dualgas Seirbhíse Poiblí

Bhunaigh GRETB grúpa oibre i Márta 2020 chun ráiteas luachanna a fhorbairt, sin le go bhféadfaí ceisteanna comhionannais agus cearta daonna a mheas faoi mar atá siad ábhartha d'fheidhmeanna GRETB, agus plean gnímh a bhunú chun feidhm a thabhairt dár nDualgas Seirbhíse Poiblí. Tá sé cinn de luachanna aitheanta ag GRETB a chuireann taca faoinár nDualgas Seirbhíse Poiblí. Ina measc, tá Dínit, Neamhspleáchas, Rannpháirteachas, Ceartas/Cóir Shóisialta, agus Ceartas Timpeallachta. Tá ráiteas tosaíochtaí agus ráiteas próisis leagtha síos ag GRETB faoi gach ceann de na luachanna seo, agus tá plean gníomhaíochta curtha i dtoll a chéile ar maith leis an dualgas a fhorfheidhmiú.

Nochtuithe Cosanta

De réir Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, deimhníonn GRETB nach bhfuarthas aon nochtuithe cosanta le linn na tréimhse ó Eanáir go Nollaig 2021.

Próifíl Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin

Cuireann GRETB raon leathan seirbhísí oideachais ar fáil trasna chontaetha na Gaillimhe agus Ros Comáin. Freastalaímid ar dhaonra ilchineálach le riachtanais éagsúla oideachais, sóisialta agus cultúrtha. Cuirimid seirbhísí ar fáil do dhaonra os cionn 322,000 (An Phríomh-Oifig Staidrimh 2016). Áirítear scoileanna náisiúnta pobail (CNS), scoileanna dara leibhéal, breisoideachas agus oiliúint agus cláir oideachais agus oiliúna phobalbunaithe i measc na seirbhísí sin. Is é GRETB a fheidhmíonn agus a bhainistíonn Ionad Oideachais Sheachtraigh agus Oiliúna Cheapach na gCapall ar an bhFairche, Ionad Oideachais i bPríosún an Chaisleáin Riabhaigh agus Ionad Oideachais do dhídeanaithe i mBealach an Doirín. Is é GRETB atá i gceannas ar na trí thionscadal Music Generation (Contae na Gaillimhe, Cathair an Gaillimhe agus Ros Comáin) atá á gcur i bhfeifhm go céimneach sa réigiún. De réir an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, táimid freagrach as tacú le soláthar, comhordú, riaradh agus measúnú seirbhísí obair óige i gcontaetha na Gaillimhe agus Ros Comáin.

Tá GRETB ar an dara Bord Oideachais agus Oiliúna is mó sa tír ó thaobh na tíreolaíochta di, a chuimsíonn ceithre oileán amach ón gcósta. Tá an limistéar Gaeltachta is mó sa tír ó thaobh fairsinge agus daonra i gContae na Gaillimhe. Tá cur chun cinn na Gaeilge ina gné lárnach de phríomhsheirbhís GRETB. Tá ocht gColáiste lán-Ghaeilge/Gaeltachta faoi chúram an Bhoird agus feidhmíonn líon dár n-ionad Breisoideachais agus Oiliúna i gConamara trí mheán na Gaeilge.

Figiúirí Rollaithe Scoileanna agus Ionaid Breisoideachais agus Oiliúna GRETB

Seirbhís	Suíomhanna	Rannpháirtithe	Tairbhithe*
Bunscoileanna	**2**	**109**	
Iarbunscoileanna	**19**	**6593**	
Breisoideachas & Oiliúint (FET) lena n-áirítear Iar-Ardteistiméireacht	**41**		**14653**
Oideachas Aosach/Ranganna Tráthnóna i Scoileanna	**3**		

* Tagraíonn tairbhithe don uimhir iomlán áiteanna a líonadh sa bhliain sin. Ríomhtar an figiúr seo trí rolluithe ar an 1 Eanáir 2021 a chomhaireamh agus gach rollú eile ina dhiaidh sin i gcaitheamh na bliana.



GRETB Community Colleges

1. Coláiste na Coiribe, Cnoc na Cathrach
2. Galway Community College, Moneenageisha
3. Coláiste Mhuirlinne/Merlin College, Doughiska
4. Abbey Community College, Boyle
5. Elphin Community College, Elphin
6. Roscommon Community College, Roscommon
7. Coláiste an Chreagáin, Mountbellew
8. St. Killian's College, New Inn
9. St. Brigid's College, Loughrea
10. Clarin College, Athenry
11. Coláiste an Eachréidh, Baile Átha an Rí
12. Archbishop McHale College, Tuam
13. Coláiste Bhaile Chláir, Baile Chláir
14. Coláiste Naomh Feichín, Corr na Móna
15. Coláiste na bPiarsach, Ros Muc
16. Coláiste Cholmcille, Indreabhán
17. Coláiste Naomh Éinne, Cill Rónáin, Inis Mór
18. Coláiste Naomh Eoin, Inis Meáin
19. Coláiste Ghobnait, Inis Oírr

Community National Schools

20. Cuan na Gaillimhe CNS, Cathair na Gaillimhe
21. Lecarrow CNS, Co. Roscommon

Community and Comprehensive Schools

22. Castlerea Community School
23. Glenamaddy Community School
24. Dunmore Community School
25. Portumna Community School
26. Gort Community School
27. Clifden Community School
28. Pobalscoil Mhic Dara, Carna
29. Scoil Chuimsitheach Chiaráin, An Cheathrú Rua

Scoileanna Náisiúnta Pobail	Rollú 21/22*
Scoil Náisiúnta Phobail na Leithcheathrún, Co Ros Comáin	20
Scoil Náisiúnta Phobail Chuan na Gaillimhe	89
Scoileanna Iar-Bhunscoileanna (seachas Iar-Ardteistiméireacht)	
Coláiste Pobail na Mainistreach, Mainistir na Búille	493
Coláiste an Ardeaspaig Mhic Éil, Tuaim	294
Coláiste an Chláirín, Baile Átha an Rí	733
Coláiste an Chreagáin, An Creagán	93
Coláiste an Eachréidh, Baile Átha an Rí	250
Coláiste Bhaile Chláir, Baile Chláir	1247
Coláiste Chilleáin Naofa, An Cnoc Breac	161
Coláiste Cholmcille, Indreabhán	96
Coláiste Ghobnait, Inis Oírr, Oileáin Árann	27
Coláiste Mhuirlinne-Merlin College, Cathair na Gaillimhe	703
Coláiste na bPiarsach, Ros Muc	53
Coláiste na Coiribe, Cnoc na Cathrach, Gaillimh	615
Coláiste Naomh Éinne, Cill Rónáin, Oileáin Árann	49
Coláiste Naomh Eoin, Inis Meáin	42
Coláiste Naomh Feichín, Corr na Móna	65
Coláiste Pobail Ail Finn, Ail Finn, Ros Comáin	167
Coláiste Pobail na Gaillimhe, Cathair na Gaillimhe	315
Coláiste Pobail Ros Comáin, Baile Ros Comáin	530
Coláiste Naomh Bríd, Baile Locha Riach	660
Iomlán	**6593**

*Bunaithe ar rolluithe 30/09/2021

gretb
Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin
Galway and Roscommon Education and Training Board
Galway and Roscommon
Education and Training Board
Further Education and Training Service Provision
Cathair na Gaillimhe
Youthreach Galway City
GRETB Training Centre
FET Centre, Tuam Road
Galway Community College
GTI
Galway Adult Basic Education Service /GABES
Boyle
Ballaghadereen
Castlerea
Dunmore
Glenamaddy
Roscommon
Letterfrack
An Fhairche (Clonbur)
Clifden
Cashel
Tuam
Ballygar
Oughterard
Headford
Ballyglunin
Mountbellew
Monksland
Ros Muc
Moycullen
Turloughmore
Carrowbrowne
Casla
Ballinasloe
An Spidéal
Cathair na Gaillimhe
Athenry
Loughrea
An Cheathrú Rua
Inis Meáin
Kinvara
Gort
Portumna
Music Generation programmes and Youth Services are offered in various locations throughout the region
1-31 Further Education and Training Centres
39-51 Co-operation Hours
32-38 Youthreach Centres
52 Petersburg Outdoor Education and Training Centre

An Rannóg Breisoideachais agus Oiliúna		
Catagóir Cláir	**Foghlaimeoir Leithleach**	**Tairbhithe***
Oiliúint Printíseach	552	552
Grúpaí Litearthachta d'Aosaigh	1046	1487
Oiliúint Chumaisc	135	138
Grúpaí faoin Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas [BTEI]	1544	2488
Oideachas Pobail	1261	2563
Ionaid Oiliúna Pobail	34	51
Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile [ESOL]	732	991
Oiliúint um Thráthnóna Breisoideachais & Oiliúna	124	127
Uaireanta Comhoibrithe Breisoideachais & Oiliúna	350	1072
Dianteagasc Oideachas Bunata Aosach [ITABE]	8	8
Ceardlann na Roinne Cirt	64	94
Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla	136	208
Cistiú eile	13	13
Iar-Ardteistiméireacht	2374	2558
Scileanna don Obair	117	127
Scileanna don Mhargadh	391	467
Soláthraithe Sainoiliúna	124	222
Oiliúint Sainscileanna	404	439
Oiliúnaithe i bhFostaíocht	161	161
Oiliúnaithe faoi Oiliúint	190	198
Teagasc Deonach Litearthachta		
Príomhscéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais [VTOS Core]	276	357
Ógtheagmháil	259	331

Iomlán	**10295**	**14653**

*Tagraíonn tairbhithe don líon iomlán rannpháirtithe ar ár gcláir ó 1 Eanáir 2021 go 31 Nollaig 2021.
**Bhí 1299 printíseach cláraithe le fostóirí i réigiún GRETB.

Chomh maith leis sin, bhí os cionn 9,113 rannpháirtí rialta ag freastal ar chláir Music Generation, 206 rannpháirtí i Scoil Cheoil GRETB agus os cionn 10,665 tairbhí leis an tSeirbhís do Dhaoine Óga, an tSeirbhís um Threoir san Oideachas Aosach agus ó dheontais a cuireadh ar fáil sa réigiún.

Fís, Misean, Bunluachanna & Cuspóirí Straitéiseacha

D'imir eochairstraitéisí náisiúnta san oideachas tionchar ar Ráiteas Straitéise GRETB 2017-2021, ar nós Plean Gníomhaíochta don Oideachas de chuid na Roinne Oideachais agus an Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna de chuid SOLAS. Aithníodh fís, misean agus luachanna an GRETB mar aon lena spriocanna straitéiseacha agus tosaíochtaí don tréimhse.



Socraíonn Ráiteas Straitéise GRETB cuspóirí ardleibhéil don eagraíocht faoi cheithre sprioc straitéiseacha, atá ag teacht le straitéisí náisiúnta oideachais:

1. Taithí foghlama agus rath foghlaimeoirí a fheabhsú

2. Feabhas a chur ar dhul chun cinn foghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste, iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta acu agus iad siúd atá éagsúil ó thaobh teanga, nó i dtéarmaí cultúrtha nó sóisialta

3. Cláir oideachais agus oilúna ardchaighdeáin a sholáthar

4. Cinntiú go bhfuil ár n-infreastruchtúr éifeachtach agus éifeachtúil (daoine, próiseas agus struchtúr)

Ráiteas Straitéise 2021

Cuireadh tús le, nó seachadadh, le linn 2021, na bearta seo a leanas, ar aon dul le Ráiteas Straitéise GRETB, mar aon leis na hathruithe ba ghá a dhéanamh orthu de bharr na paindéime Covid-19.

Sprioc Straitéiseach 1: Taithí foghlama agus rath foghlaimeoirí a fheabhsú

Tosaíocht 1.1: Cláir freagrúla agus nuálaíocha a chur ar fáil

- Leanadh leis na cuir chuige chumaisc maidir le seachadadh foghlama agus teagaisc na gcuraclam bunscoile/iarbhunscoile agus FET de réir threoracha Covid-19 na Roinne Oideachais agus na Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte.
- Crua-earraí TFC, bogearraí, feidhmchláir agus teicneolaíochtaí oiriúnaitheacha a chur ar fáil do dhaltaí faoi mhíchumas / daltaí le riachtanais speisialta, agus úsáid leanúnach a bhaint astu.
- Leanadh leo seo a leanas i scoileanna: An Teastas Sóisearach/JCP/próifíl ghnóthachtála/an Ardteistiméireacht/an Ardteistiméireacht Fheidhmeach/Gairmchlár na hArdteistiméireachta, agus le cláir Idirbhliana, tugadh an deis an athuair scrúduithe an Stáit a dhéanamh.
- Freagraí spriocdhírithe do riachtanais daltaí a bhfuil sainriachtanais foghlama acu i gcomhpháirt leis na heagraithe riachtanais speisialta oideachais (SENO).
- Cuireadh maoiniú ar fáil do Ghrúpaí Pobail tríd an gciste Míbhuntáiste Oideachais a Mhaolú.
- Tuilleadh oibre ar phlean Dualgas na hEarnála Poiblí.
- Ghlac páirt i bpróiseas an ETBI maidir le Sainspioraid/Bunluachanna. Chuir oiliúint ar fáil faoin gcéanna do chomhaltaí Boird, Príomhoidí agus baill foirne. Cuireadh tús leis an bpróiseas i scoileanna píolótacha.
- Clár Réamhphrintíseachta curtha ar fáil tríd an tSeirbhís Bhunata Oideachais Aosaigh.
- Éascaíodh an clár Recognise Your Potential do mhná atá ag filleadh ar an obair.
- Éascaíodh an Clár Latch-On a dearadh go sainiúil d'aosaigh atá faoi mhíchumas intleachtúil.
- Cuireadh leis an soláthar san ionad EROC, agus san áireamh leo tá oiliúint Pas Sábháilte agus Láimhsiú Sábháilte.
- Tá oiliúntachtaí nua curtha ar fáil i nDún Mór agus Áth Cinn.
- Tionscnamh Oiliúna Áitiúl (LTI) i ndeisiú agus cothabháil rothar curtha ar bun i gcomhpháirt leis an bhfiontar sóisialta An Mheitheal Rothar.
- Seachadadh an clár TF d'Fheirmeoirí agus na Meáin Shóisialta do Thithe Aíochta den chéad uair tríd an gclár Scileanna don Obair.
- Cuireadh tús leis an bPrintíseacht Cranneolaíochta i mí Aibreáin 2021.
- Seachadadh an clár oiliúna do theagascóirí tiomána den chéad uair sa GRETB in 2021.
- Cuireadh oiliúint ar líne i mBainistíocht Maoirseachta ar fáil don earnáil fáilteachais.
- Cuireadh tús leis an bprintíseacht Búistéireachta in áiseanna i mBaile Átha an Rí.
- Seachadadh oiliúint ar líne i Seirbhís do Chustaiméirí den chéad uair sa GRETB in 2021 dóibh siúd atá fostaithe.

Tosaíocht 1.2: Eolas agus scileanna ábhartha a sholáthar d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil, forbairt phearsanta, dul chun cinn agus fostaíocht.

- Fás suntasach i seachadadh clár Music Generation agus i líon na ndaltaí in 2021.
- Lean Scoil an Cheoil GRETB le páirtsholáthar ranganna ar líne (téaduirlisí), agus an mhaoirseacht agus riarachán curtha ar fáil ag Coláiste na Coiribe.
- Cláir folláine agus idirbhliana seachadta ag scoileanna.
- Scoileanna ag plé le hEolaithe Óga, Nuálaithe Sóisialta Óga, Fealsaimh Óga agus leis na cláir Gaisce.
- An chomhpháirt den ionduchtú do bhaill foirne nua a bhaineann le Cosaint Leanaí seachadta go digiteach.

- Teagmháil leanúnach le ETBI maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach (CPD) a fhorbairt, agus í a sheachadadh do bhainistíocht scoile, agus béim curtha ar acmhainn cheannaireachta laistigh de scoileanna a fhorbairt.
- Leanadh leis an tacaíocht a chuirtear ar fáil do Phríomhionadaithe na nOibrithe chun a chinntiú go leanfar le bainistíocht shábháilte scoileanna i gcomhthéacs ábhar imní leanúnach maidir le Covid-19.
- Bunaíodh sainfhóraim MS Teams le haghaidh múinteoirí ábhair, Gairmthreoir san áireamh.
- Oiliúint á cur ar fáil do gach ball foirne ábhartha maidir leis na freagraí Covid-19 atá de dhíth i gcónaí.
- Tá Sainchlár do Sholáthróirí Oiliúna á chur ar fáil sa Chaisleán Riabhach agus i gCathair na Gaillimhe a dhíríonn go sonrach ar oiliúint don mhargadh saothair a chur ar dhaoine atá faoi mhíchumas.
- Rinneadh uas-sciliú ar an bhfoireann i gCeapach na gCapall trí chláir ghlasa a dhéanamh.
- Forbraíodh an Dioplóma Saoráidí agus seachadadh in 2021 é.

Tosaíocht 1.3: Eispéireas agus timpeallacht dhearfach foghlama a chothú

- Leanacht le cur i bhfeidhm threoirlínte an Rialtais maidir le bearta sláinte agus sábháilteachta bainteach le bheith ag obair/foghlaim go cianda le linn na paindéime Covid-19.
- D'éirigh le GRETB an Keep Well Mark de chuid IBEC a bhaint amach don phríomhoifig i mí Mheithimh ar bhonn píolótach.
- Lean scoileanna le seachadadh clár folláine, agus le rochtain a chur ar fáil do chúram tréadach/comhairleoirí scoile, agus ceiliúradh gradaim.
- Chuathas i mbun cumarsáide go tráthúil le gach dalta, tuismitheoir agus caomhnóir maidir le stádas na scoile i leith Covid-19 agus na scrúduithe Stáit.
- Rinneadh uainchláir scoileanna a athstruchtúrú chun éascaíocht a dhéanamh don fhoghlaim ar líne le linn do scoileanna a bheith dúnta.
- Leanadh leis an soláthar ar líne do dhaltaí a bhfuil riachtanais bhreise acu, agus tugadh an deis do bhaill foirne agus do dhaltaí a mbaineann ardriosca leo leanúint leis an socrú chun oibriú/staidéar ón mbaile.
- Chuaigh na baill foirne a bhíonn ag déileáil le leas na ndaltaí i dteagmháil leis na daltaí sin ar aithníodh iad a bheith i mbaol gan freastal ar an scoil go leanúnach nó an scoil a fhágáil luath.
- Cuireadh an fhoireann ar fad ar an eolas faoin gclár folláine agus na himeachtaí folláine a bhí á gcur ar fáil.
- Coinníodh an fhoireann ar an eolas go rialta faoin tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe.
- Bhí an bhainistíocht i mbun cumarsáide ar bhonn leanúnach leis an bhfoireann agus na daltaí chun tacú leo agus iad a mholadh as a nuálaíocht, a n-inoiriúnaitheacht, a solúbthacht agus a dteacht aniar i rith thréimhse na paindéime Covid-19.
- Cuir an tSeirbhís Treorach agus Faisnéise d'Aosaigh oiliúint i ndáil le fostaíocht ar fáil.
- Tá cúrsaí chun Scileanna Staidéir a mhúineadh ar fáil i ngach ionad Breisoideachais agus Oiliúna.

Tosaíocht 1.4: Timpeallachtaí foghlama le cuidiú teicneolaíochta (TEL) a chur ar fáil

- An straitéis dhigiteach a chur i bhfeidhm i scoileanna agus an straitéis TEL in FET.
- Rinneadh soláthar leanúnach oiliúna don fhoireann in MS Teams, Moodle, OneNote, SharePoint agus faoin gcaoi uirlisí ar líne a úsáid.
- Tacaíodh le húsáid teicneolaíochta i scoileanna mar uirlis chumarsáide do mhic léinn agus do thuismitheoirí i soláthar torthaí scrúdaithe, tinreamh, rochtain éasca ar chórais íocaíochtaí agus uasdátuithe scoile.
- Cuireadh tacaíocht ar fáil do shainfhóraim MS Teams le haghaidh múinteoirí ábhair, Gairmthreoir san áireamh.
- Forbairt VR agus feidhmchlár chun scileanna Dobharshaothraithe a chur ar fáil ar bhonn leanúnach.
- Cruthaíodh corradh agus 40 físeán ina raibh ábhar oiliúna beochana a bhain le ceirdeanna faoi leith.
- Cúrsa GRETB Getting Ready to Teach Online ar Moodle: cúrsa a forbraíodh do bhaill foirne GRETB chun tacú le cianteagasc.
- Rinneadh níos mó ná 100 ball foirne nua a ionduchtú ar líne i mí Lúnasa.

- Creata agus oideolaíocht a chur chun cinn chun tacú le foghlaim chumaisc mar aon le straitéis seachadta agus teagaisc don fhoghlaim chumaisc.
- Oiliúint i ríomhphunanna, reáchtáladh scéim phíolótach den chóras ríomhphunann in ionaid.
- Measúnú déanta ar fheidhmchláir, agus liosta na bhfeidhmchlár atá comhlíontach le GDPR agus atá faofa le haghaidh a n-úsáide sa GRETB.
- Tacaíocht d'ábhair agus acmhainní foghlama a fhorbairt trí úsáid a bhaint as feidhmchláir faofa cosúil le Padlet, Thinglink, Flip Grid, screencast agus PowerPoint. Meantóireacht a dhéanamh agus oiliúint leanúnach a chur ar fáil do Seaimpíní TEL chun tacú le hoiliúint foirne TEL. Uair an chloig TEL in ionaid.
- Sraith seimineár gréasáin leis an téama Tea with TEL Champions inar tacaíodh le húsáid leanúnach feidhmchlár faofa: Padlet/Thinglink/Screencast/PowerPoint.
- Dearadh agus seachadadh: cúrsa ar Moodle chun Scileanna don Chianobair a mhúineadh; bhain an cúrsa sin Suaitheantas Digiteach GRETB amach.
- Comhairle agus físeáin teagaisc/bileoga eolais don infreastruchtúr Sruthaithe do ranganna hibrideacha: an chaoi ranganna a shocrú/crua-earraí/bainistiú na huirlise cumarsáide (Zoom/TEAMS).
- Sraith treoirlinte a fhorbairt do dhearadh cúrsaí ar Moodle: Áirítear leis na treoirlínte bileog stíle/teimpléid GRETB do Mhoodle.
- Rúibric dea-chleachtais a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar dhearadh cúrsa ar líne: bunaithe ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta do dhearadh cúrsa.
- Reáchtáladh seachtain Teicneolaíochta Cúnta an-rathúil in GRETB in 2021.
- Ceadúnais do Wriggle Connect chun tacú le hoiliúint foirne do Microsoft 365.
- Suíomh feabhsaithe SharePoint, cainéil YouTube a bhfuil an t-ábhar aistrithe do Ghaeilge d'fhoghlaimeoirí, agus riaradh suíomh FET Moodle site, breiseáin Moodle a nuashonrú.
- Rinneadh conraitheoir TF Bainistithe nua a ionduchtú.
- Tosaíodh ar an obair chun teastasú Cyber Essentials a chur ar fáil.

Sprioc Straitéiseach 2:
Dul chun cinn foghlaimeoirí i mbaol míbhuntáiste, foghlaimeoirí le riachtanais speisialta nó le difríochtaí teanga, cultúrtha agus sóisialta a fheabhsú

Tosaíocht 2.1: Comhionannas agus ionchuimsiú gníomhach a chur chun cinn

- Lean an GRETB lena thacaíocht don Grúpa Oibre chun Foghlaimeoirí DEIS a Aistriú chuig FET, agus bhí ionadaíocht ag gach scoil DEIS agus páirtí leasmhar.
- Fócas ar leith i scoileanna DEIS ar aistrithe foghlaimeoirí a oiriúnú agus a bhainistiú.
- Foirne leasa daltaí a fhorbairt i ngach scoil a dhíríonn ar riachtanais shainiúla na ndaltaí.
- Freagraí comhordaithe ar shaincheisteanna leasa daltaí indibhidiúla i gcomhpháirt leis na heagraithe riachtanais speisialta oideachais (SENO).
- Ceapachán Comhordaitheoirí Éitis do scoileanna.
- Soláthar crua-earraí TFC, bogearraí, feidhmchláir agus teicneolaíocht chúnta do dhaltaí faoi mhíbhuntáiste/le riachtanais speisialta.
- Úsáid ardán ar líne atá inrochtana do gach foghlaimeoir.
- Thug gach scoil faoi athbhreithniú ar a Ráiteas Cosanta Leanaí agus ar Mheasúnuithe Riosca sa chás gur éilíodh orthu déanamh amhlaidh.
- Cuireadh beartais iontrála i bhfeidhm de réir riachtanais an Achta Oideachais, 1998, an Achta Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna), 2018 agus an Achta um Stádas Comhionann, 2000.
- Lean trí scoil GRETB ar Oileáin Árainn lena rannpháirtíocht sa scéim 'Bliain ar Oileán', arna mhaoiniú ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.
- Seirbhísí chomhairleoireachta ar líne curtha ar fáil d'fhoghlaimeoirí ar chláir FET.
- Seirbhís chomhairleoireachta duine-le-duine curtha ar fáil in ionad Ógtheagmhála.
- Tosaíodh ar uirlis réamh-mheasúnaithe ESOL a úsáid.
- Cuireadh ceardlanna ar fáil ar líne don fhoireann ar thopaicí cosúil le Feasacht LGBTI, Frithchiníochas, Comhionannas agus Éagsúlacht mar aon le Feasacht ar Mhíchumas, agus d'fhreastail níos mó ná 300 ball foirne.
- Aontaíodh ar Ráiteas Dualgas na hEarnála Poiblí don GRETB, mar aon le luachanna agus plean gníomhaíochta.
- Tá Grúpa Oibre chun Tacú le Foghlaimeoirí ann sa GRETB anois, agus tionóladh 6 chruinniú in 2021. Thángthas ar fhís do chur chuige atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir. Cuireadh trí ghrúpa gníomhaíochta ar bun in 2021: Eolaire agus Tairseach Foghlaimeora a Fhorbairt, Scagthástáil agus Measúnú Tosaigh agus Tacaíochtaí Neamhacadúla d'Fhoghlaimeoirí.

Tosaíocht 2.2 Cláir oideachais agus oiliúna inrochtana agus solúbtha a chur ar fáil

- Dul chun cinn déanta ar thionscadail chaipitil a chuirfidh feabhas ar inrochtaineacht e.g. Gaelchampas Bhaile Átha an Rí, Coláiste Colmcille, Indreabhán, fo-oifig Ros Comáin.
- Cláir FET lánaimseartha agus pháirtaimseartha curtha ar fáil – cúrsaí lae, tráthnóna, deireadh seachtaine agus ar líne.
- Tá Cláir Oideachais Pobail á reáchtáil ag 45 suíomh sa réigiún; bíonn siad lonnaithe in áiseanna pobail agus reáchtáiltear iad ag na hamanna is fearr a fheileann do na foghlaimeoirí.
- Cuireadh 234 cúrsa Oideachais Pobail ar fáil in 2021, agus bhí 2603 tairbhí ann.
- Seachadadh uaireanta comhoibrithe i gcomhpháirt le 35 eagraíocht pobail agus dheonach ar fud an réigiúin inar díríodh ar Oideachais Míchumais, Oideachas na hÓige, Meabhairshláinte agus Oideachas Príosúin.
- Bronnadh Deontas Oideachais Pobail ar 62 Grúpa Pobail chun cláir oideachais a sheachadadh ina gceantar áitiúil.
- Bhí níos mó ná 9000 duine óg páirteach le Music Generation GRETB in 2021, agus seachadadh cláir ceoil i scoileanna agus i spásanna óige/pobail araon. Bhí raon uirlisí agus seánraí ceoil i gceist leis na cláir sin.

- Leanadh le cláir a chur ar fáil ar líne do raon leathan foghlaimeoirí faoin gcaoi ionfhabhtú a chosc agus a rialú mar fhreagra ar COVID.

Tosaíocht 2.3: Oideachas ardchaighdeáin agus ionchuimsitheach le torthaí foghlama feabhsaithe a chur ar fáil

- Thacaigh Stiúrthóir na Scoileanna le struchtúir agus modheolaíochtaí nuálaíocha i scoileanna agus ar líne le go mbeadh solúbthacht ann maidir le cláir foghlama agus ag an am céanna riachtanais na ndaltaí a chomhlíonadh.
- Straitéisí foghlama cumaisc ábhartha a fhorbairt ar bhonn leanúnach chun riachtanais daltaí faoi leith a chomhlíonadh.
- Bíonn foirne ceannaireachta scoileanna i gcónaí i mbun struchtúir, nósanna imeachta agus modheolaíochtaí agus móid foghlama a bheartú agus a chur in oiriúint chun a chinntiú go mbeidh na torthaí foghlama is fearr ann do chách.
- Soláthar agus tacaíocht TFC curtha ar fáil chun ionchuimsitheacht a chinntiú agus chun torthaí foghlama a fheabhsú.
- Rinne Seirbhísí Óige GRETB Obair Óige a chomhordú, a mhaoiniú agus a thacú i nGaillimh agus Ros Comáin. Tugadh tacaíocht do 269 eagraíocht óige tríd an maoiniú seo. Tacaíodh le 6,444 duine óg trí thionscadail a bhí faoi cheannas baill foirne, agus le 4,221 a bhí faoi cheannas oibrithe deonacha.
- Leithdháileadh maoiniú ón gCiste chun Míbhuntáiste Oideachais a Mhaolú ar 48 grúpa pobail sa régiún trí chéile le go gcuirfí le rochtain agus le háiseanna don fhoghlaim pobail. Fuarthas níos mó ná €312,000 ó SOLAS don chiste seo.
- Fuair GRETB maoiniú agus bhunaigh sé Comhpháirtíocht Áitiúil Óige Ildánach (LCYP) i bhFómhar 2021. Tugadh faoi phróiseas comhairliúcháin mionsonraithe chun rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga i nGaillimh agus Ros Comáin a chinneadh. Seoladh ceithre chlár phíolótacha ar dtús, agus ghlac isteach is amach le 58 duine óg idir 10 agus 24 bliain páirt iontu. Ceannaíodh ábhair do 'Bhanc Sócmhainní Cruthaiteacha' LCYP agus dáileadh pacáistí uirlisí cruthaitheacha ar leanaí agus daoine óga imeallaithe i gcaitheamh thréimhse na Nollag (níos mó ná 40 pacáiste).

Tosaíocht 2.4: Aistriú foghlaimeoirí ag amanna criticiúla sa chóras oideachais agus oiliúna a fheabhsú

- Thacaigh le Grúpa Oibre chun Foghlaimeoirí DEIS a Aistriú chuig FET, a bhfuil ionadaíocht ag gach scoil DEIS agus páirtí leasmhar air.
- Leanadh leis an úsáid atá á baint amach as sainfhóraim MS Teams do Threoirchomhairleoirí chun tacú le roinnt dea-chleachtais i scoileanna i dtaca le haistrithe mic léinn.
- Tá treoir ar fáil do gach foghlaimeoir FET agus iad ag cur tús le clár, i rith thréimhse an chláir agus ar fhágáil an chláir dóibh.
- Caidrimh níos dlúithe idir sheirbhísí FET chun aistrithe a éascú.
- Soláthar leanúnach bunoideachais, iar-bhunoideachais agus oideachais aosach san Ionad Fáiltithe agus Ionduchtaithe Éigeandála (EROC) i mBealach an Doirín, Co. Ros Comáin agus teagmháil leanúnach le scoileanna áitiúla i ndáil le haistrithe oideachais a éascú.

Sprioc Straitéiseach 3:
Cláir oideachais agus oilúna ardchaighdeáin a sholáthar

Tosaíocht 3.1: Dearbhuithe cáilíochta a chothú inár gcláir oideachais agus oiliúna

- Leanadh le leabú croíluachanna i scoileanna.
- Ceapadh Comhordaitheoir Éitis do Scoileanna ó Leas-Phríomhoidí GRETB.
- Chuathas i mbun teagmhála leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) chun tacú le taighde agus forbairt curaclaim agus measúnaithe.
- Teagmháil leanúnach le gach foireann scoile maidir lena thábhachtaí atá sé curaclaim scoileanna a soláthar agus a sheachadadh ag caighdeán ard.
- Ghlac Oideachas Pobail agus Oideachas Bunataa Aosach na Gaillimhe páirt i dtionscadal píoltach de chuid ETBI chun na tairbhí níos leithne a éiríonn as foghlaim neamhchreidiúnaithe a dhearbhú.
- Foilsíodh Tuarascáil Féinmheasúnaithe GRETB le Próifíl Soláthróirí; aithníodh réimsí dea-cleachtais sa tuarascáil sin, agus na réimsí a dteastaíonn feabhas uathu. Déanfar é a chur san áireamh sa phlean gníomhaíochta don GRETB tar éis don Tuarascáil Athbhreithnithe Tosaigh a bheith foilsithe.
- Leanadh le héabhlóid struchtúr Rialachais Dearbhú Cáilíochta (QA) le tacaíocht ó bhaill na Comhairle Cáilíochta, an Bord Clár, an Grúpa Stiúrtha QA agus Grúpa Maoirseachta an Athbhreithnithe Tosaigh.
- Rinneadh iarratas ar mhicridhintiúir Leibhéal 5 QQI (15 creidmheas) Teicnící Dobharshaothraithe. D'éirigh leis an iarratas sin agus rinneadh é a bhailíochtú.
- Anailís leanúnach ar thuairiscí Fíordheimhnithe Sheachtraigh inar aithníodh dea-chleachtas in ionaid, agus tacaíocht d'ionaid agus do chleachtóirí a éascú de réir mar a bhí gá leis.
- Cuireadh Aonad Tacaíochta agus Forbartha FET ar bun i mí na Samhna 2021 agus san áireamh leis tá an Rannóg TEL, Foghlaim agus Forbairt Ghairmiúil agus an Rannóg Dearbhú Cáilíochta. Rinneadh baill foirne Dearbhú Cáiliochta ón Ionad Oiliúna agus ón Ionad Breidoideachais agus Oiliúna a thabhairt le chéile in aon rannóg amháin.
- Ghlac páirt san Athbhreithniú QQI Tosaigh ar Dhearbhú Cáiliochta.

Tosaíocht 3.2: Tacú le foirne ar mhaithe le hardchaighdeáin mhúinteoireachta agus foghlama a bhaint amach

- Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD) curtha ar fáil ar bhonn leanúnach don fhoireann in úsáid TFC/ardáin ar líne/sláinte agus sábháilteacht.
- Teagmháil leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) ag tacú le taighde agus forbairt curaclaim agus measúnaithe.
- Bunaíodh fóraim MS Teams sna réimsí ábhair ar fad chun dea-chleachtas a roinnt idir scoileanna.
- Chuir an bhainistíocht a tacaíocht agus moladh in iúl don fhoireann agus do mhic léinn/foghlaimeoirí as a nuálaíocht, a n-inoiriúnaitheacht agus a solúbthacht le linn Covid-19 sa mhéid is a bhain sé leis an gcaighdeán ard leanúnach múinteoireachta agus foghlama le linn bliana nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo.
- Thacaigh le hoiliúint ceannaireachta do mhúinteoirí.

Tosaíocht 3.3: Úsáid sonraí ardcháilíochta, anailíse, taighde agus measúnaithe a mhéadú chun tionchar a imirt ar sheachadadh seirbhíse agus saincheisteanna a thagann chun cinn a aithint

- Bunaíodh Grúpa Oibre chun an próiseas earcaíochta a athbhreithniú, agus thángthas ar chomhaontú maidir le roinnt athruithe atá le cur i bhfeidhm in 2022.

- Bailíodh sonraí ó scoileanna maidir le réimsí éagsúla, agus thug na sonraí sin bonn faisnéise do roinnt athruithe struchtúrtha, mar shampla saincheisteanna maidir le CAO, asláithreachtaí agus soláthar laghdaithe i ngeall ar Covid-19, saincheisteanna maidir le soláthar múinteoirí eacnamaíocht bhaile, oícheanta oscailte ar line, agus dúshláin maidir le leithdháileadh múinteoirí 2021/2022.
- Leanadh le torthaí scrúduithe stáit a chur i gcomparáid, a athbhreithniú agus a thomhais in aghaidh noirm náisiúnta.
- Rinneadh athbhreithniú ar thuairiscí Meastóireacht Scoile Uile - Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim (MLL) agus ar Chosaint Leanaí agus roinneadh taithí ag Fóram Gairmiúil Phríomhoidí GRETB.
- Iniúchtaí leanúnacha ar PLSS chun cruinneas sonraí a chinntiú.
- Rinne Seirbhísí don Óige coimisiúnú ar phíosa taighde faoin gcaoi daoine óga atá Néara-Éagsúil a mhealladh i dtreo obair óige.
- Sheol Planet Youth suirbhé do gach rang idirbhliana/ionad Ógtheagmhala sa réigiún. Nochtadh eolas sa suirbhé sin faoi shaol an chóhoirt aoise sin sa réigiún agus baintear úsáid as chun críche seirbhísí a phleanáil agus a sheachadadh.
- Rinneadh suirbhé ar 140 fostóir in 2021.

Tosaíocht 3.4: Ceannaireacht, nuálaíocht, feabhas leanúnach agus roinnt eolais a chothú

- Spreagadh agus tacaíodh leis an bhfoireann a bheith bainteach le cláir cheannaireachta.
- Rinne sainfhóraim MS Teams éascaíocht do dea-chleachtais a roinnt le scoileanna agus thug deis do bhaill foirne nuálaíocht a léiriú.
- Tacaíodh le foirne scoile iarratais a dhéanamh ar phoist e.g. Phríomhionadaithe na nOibrithe, an réimse Sláinte agus Sábháilteachta, éiteas scoile, soláthar TEL.
- Tionóladh cruinnithe míosúla d'Fhóraim Phríomhoidí agus Phríomhoidí Tánaisteacha GRETB; bunaíodh eochairghrúpaí tascanna ina raibh Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha a raibh saineolas ábhair/taithí acu.
- Lean Stiúrthóir na Scoileanna lena ról mar:
    - Príomcheannaire ETBI don Oideachas lán-Ghaeilge ag leibhéal náisiúnta
    - Cathaoirleach ghrúpa forbartha náisiúnta an NCCA a bhfuil an dualgas air sonraíocht Gaeilge don Ardteistiméireacht a athbhreithniú
- Chomhoibrigh teagascóirí le chéile i seisiúin sheachtainiúla TEL agus bhain siad úsáid as an eolas a sealbhaíodh chun bealaí nuálaíocha oiliúna a chruthú.

CISTIN AN CHIADAIGH
Hello
HOW ARE YOU?

Sprioc Straitéiseach 4:
A chinntiú go bhfuil ár n-infreastruchtúr eagraíochta (daoine, próisis agus struchtúir) éifeachtúil agus éifeachtach

Tosaíocht 4.1: A chinntiú go mbíonn an inniúlacht ag GRETB freastal go rathúil ar na héilimh reatha, agus tionchar a imirt ar threo thodhchaí na hearnála

- Forbairt agus cur i bhfeidhm phlean straitéise agus forfheidhmiúcháin don GRETB don tréimhse 2022-2026.
- Cuireadh i bhfeidhm prótacail maidir le Filleadh ar an Obair/Scoileanna/FET.
- Féinmheasúnú QQI déanta in FET in 2021.
- Ghlac baill foirne agus ceannairí scoile GRETB páirt i bhForbairt Ghairmiúil Leanúnach a bhí sainordaithe agus soláthraithe go náisiúnta ag: PDST (an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí); JCT (an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí); an Chomhairle Mhúinteoireachta; CSL; NAPD (Cumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha); LSSU (ETBI (Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann)); an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta; an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS); Droichead; agus comhlachtaí ábhartha eile.
- Ghlac an fhoireann páirt in oiliúint agus i seisiúin phleanála leanúnacha Sláinte & Sábháilteachta, Measúnú Riosca, Cosaint Leanaí.
- Bhí ionadaíocht ag GRETB ar Pháipéar Seasaimh an ETBI faoi Oideachas Pobail.
- Rannpháirtíocht leanúnach an Phríomhfheidhmeannaigh/Stiúrthóirí agus Bainisteoirí ar Choistí/Grúpaí Oibre náisiúnta éagsúla.

Tosaíocht 4.2: Ár gcórais chumarsáide inmheánacha agus seachtracha a fheabhsú

- Teagmháil leanúnach leis an ETBI maidir le forbairt a Chreat Cumarsáide don earnáil.
- Roinnt fillteán socraithe ar “Connect” ar láithreán gréasáin GRETB chun cumarsáid a dhéanamh maidir le polasaithe, nósanna imeachta, treoirlinte agus teimpléid.
- Bhain scoileanna úsáid as teimpléid MS Excel a cuireadh ar fáil dóibh chun sonraí maidir le Ceannaireacht Scoile a thiomsú, inar léiríodh bainistíocht líne, freagrachtaí ceannaireachta i dtreo cumarsáid inmheánach scoile a fheabhsú.
- Tiomsaíodh sonraí bhaill riaracháin scoileanna agus Boird Bhainistíochta in MS Excel chun cumarsáidí leis an bpríomhoifig/comhghleacaithe a éascú, agus chun faisnéis ábhartha a chur in iúl ar bhonn tráthúil, cruinn agus tapaidh.
- Tacaíodh le húsáid teicneolaíochta i scoileanna mar uirlis chumarsáide do dhaltaí, tuismitheoirí agus caomhnóirí maidir le soláthar torthaí agus nuashonruithe scoile.
- Bhain Scoileanna agus Ionaid úsaid as go leor deiseanna margaíochta chun a n-éachtaí a phoibliú agus a chur chun cinn laistigh dá bpobail féin e.g. comharthaí móra mar chuid de shearmanais bhronnta céimeanna fiorúla, irisleabhair dhigiteacha, éachtaí spóirt etc.
- Cuireadh riachtanais na dtreoracha ar fad maidir le gráid ríofa, scrúduithe cainte agus deiseanna chun scrúduithe a dhéanamh in iúl do gach páirtí leasmhar ar bhonn tráthúil.

Tosaíocht 4.3: Na timpeallachtaí múinteoireachta, foghlama agus oibre is fearr is féidir a chur ar fáil agus ag an am céanna acmhainní a uasmhéadú

- Leanadh leis an obair ar scoil nua do Choláiste an Eachréidh, Baile Átha an Rí agus ar mhóroibreacha i gColáiste Naomh Bríd, Baile Locha Riach, Coláiste Chilleáin Naofa, An Cnoc Breac, Coláiste Cholmcille, Indreabhán, agus Coláiste Pobail na Mainistreach, Mainistir na Búille, Ros Comáin.
- Teagmháil leis an Roinn Oideachais maidir le hobair forbartha a dhéanamh i gColáiste an Ardeaspaig Mhic Éil, Tuaim.
- Ceannaíodh Foirgneamh Cambridge in Mervue, Cathair na Gaillimhe, agus teagmháil déanta le SOLAS maidir le pleananna chun an foirgneamh sin a uasghrádú le go mbeifí in ann cur go mór le printíseachtaí agus le cláir Breisoideachais agus Oiliúna.
- Suíomh faighte (faoi réir cead pleanála) do scoil nua do Scoil Náisiúnta Phobail Chuan an Gaillimhe.
- Cuireadh i gcrích roinnt oibreacha beaga breise agus roinnt tionscadal oibreacha samhraidh i scoileanna agus in ionaid GRETB le linn 2021, mar shampla oibreacha feabhsúcháin ar na carrchlóis ag na hIonaid FET i mBaile Átha an Rí agus an Gort.
- Rinneadh an t-aistriú go dtí Córas Airgeadais nua i mí Iúil 2021.
- D'oibrigh le ESBS ar thionscadail éagsúla, lena n-áirítear tiontú an Mhóir-Leabhair, pacáiste tuairiscithe nua, íocaíochtaí foghlaimeoirí Wave II a aistriú chuig seirbhísí roinnte.

Tosaíocht 4.4: An cleachtas is fearr i rialachas corparáideach a chinntiú ar fud GRETB

- Rinneadh 100 ball foirne nua a ionduchtú ar líne den chéad uair i mí Lúnasa 2021 agus san áireamh leis sin bhí próisis rialachais.
- Cuireadh oiliúint ar fáil don Bhord agus don Bhainistíocht faoi Chód Rialachais do Charthanais nua, agus tugadh faoin gcód sin a chur chun feidhme.
- Cuairteanna leanúnacha monatóireachta agus tacaíochta ar scoileanna agus ar ionaid i ndáil le rialachas agus sláinte agus sábháilteacht.
- Thug an Coiste Iniúchta agus Riosca faoi oiliúint i mBainistíocht Riosca**.**
- Cuireadh oiliúint i gCosaint Leanaí ar fáil ar líne do chomhaltaí Boird GRETB agus do chomhaltaí Bord Bainistíochta scoile i rith Covid-19.

Ráitis Airgeadais 2021

Ráitis Airgeadais 2021 – Le do thoil, tabhair faoi deara go bhfuil Ráiteas Airgeadais Bliantúil GRETB don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021 faoi réir iniúchadh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (C&AG) ag am foilsithe Thuarascáil Bhliantúil GRETB 2021. Beidh fáil ar ráitis airgeadais GRETB 2021 ar ár suíomh gréasáin www.gretb.ie a luaithe is a iniúchtar iad.

Tá sonraí airgeadais i leith a leanas sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil:

- Sonraí táillí neamh-thuarasatil a íocadh le Comhaltaí Boird, anailísithe trí chatagóir táillí
- Sonraí comhiomlán cúitimh eochairbhainistíochta, anailísithe trí na catagóirí seo a leanas, lena n-áirítear cúiteamh bainistíochta ina iomláine:
    - Tuarastail agus sochair ghearrthréimhseacha fostaithe
    - Sochair iarfhostaíochta
    - Sochair foirceannadh fostaíochta
- Cúiteamh eochairbhainistíochta, más ann dó
- Sonraí líon na bhfostaithe arbh é iomlán na sochar fostaí (seachas costas pinsin fostóra) don tréimhse thuairisce i dtrácht ná idir €0 agus €59,999 agus laistigh de gach banda pá €10,000 agus €60,000 suas agus figiúr foriomlán le haghaidh ranníocaíochtaí pinsin fostóra.